

Áiteanna Ildánacha, Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Ealaíontóir Neadaithe

Iarratas ar Thairiscintí

Tá Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ag lorg tairiscintí foirmiúla do thionscadal taighde ar fhorbairt Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh mar Áit Ildánach faoi scéim tacaíochta Áiteanna Ildánacha na Comhairle Ealaíon.

Oibreoidh ealaíontóir agus taighdeoir (féach cur síos ar leith) i gcomhar le pobail áitiúla, lena n-áirítear oibrithe ealaíon agus cultúrtha agus cleachtóirí áitiúla, chun fíis chruthaitheach dhúchasach a léiriú agus a spreagadh, comhthuiscint ar chleachtas ealaíon atá spreagtha go sóisialta a chothú agus chun treoiphlean a chruthú chun an limistéar uathúil seo a fhorbairt mar áit chruthaitheach.

Is le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí, Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas, Amergin Solstice Poetry Gathering, Plean Teanga Uíbh Ráthaigh agus Cairde Séipéal Naomh Mhichíl agus ag obair i gcomhpháirt le Tascfhórsa Uíbh Ráthach agus Éigse na Brídeoige atá an togra ag tarlú.

Fís agus Misean

Is í ár **gcomhfhís** fhadtéarmach do phobal bríomhar agus inbhuanaithe Gaeltachta, a bhfuil dlúth bhaint aici leis agus í fréamhaithe ina oidhreacht chultúrtha uathúil; líofa, muiníneach agus éagsúil ina cruthaitheacht, a bhfuil cláir ealaíon áitiúla agus náisiúnta ag freastal go maith uirthi.

Is é an **misean** atá againn don tionscadal seo:

- Cur chuige éagsúla cruthaitheacha a aimsiú agus a thriail, a bheidh cuimsitheach agus éagsúil laistigh de chomhthéacs ilteangach Uíbh Ráthaigh agus, ag an am céanna, ag tacú le stádas agus oidhreacht na Gaeltachta sa cheantar, agus ómós a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh orthu.
- Inspioráid, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na n-ealaíon ilteangach go sóisialta, stiúrtha ag an bpobal ealaíne in Uíbh Ráthach, le samplaí cuí den dea-chleachtas
- Éisteacht chúramach a thabhairt don phobal ar fad agus freagra i bhfoirm forbartha agus úsáid struchtúir tacaíochta do thionchar fadtéarmach a thabhairt.
- Bunús leathan de rannpháirtíocht chruthaitheach agus inniúlacht a fhorbairt a thacóidh le comhtháthú sóisialta de réir mar a fhásann an pobal agus go leanann sé ar aghaidh ag éirí níos éagsúlaí.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Féadfaidh ealaíontóirí a bhfuil taithí chuí acu ar chleachtas ealaíon gníomhach shóisialta (*socially-engaged arts practice*) iarratas a dhéanamh (1) ina n-aonar, (2) mar bhall d'fhoireann ealaíontóirí /eagraíochta ealaíne nó (3) le taighdeoir gairmiúil / foireann taighdeora / eagraíocht a bhfuil taithí oiriúnach acu (féach cur síos oibre ar leith & táille ar leith do thaighdeoirí).

Mura mbíonn comhiarratas idir an taighdeoir agus ealaíontóir i gceist, cuirfidh an chomhpháirtíocht seirbhísí taighdeora ar fáil chun oibriú in éineacht leis an t-ealaíontóir.

Príomhchumais agus príomhthaithí

- Taithí ar chleachtas ealaíon gníomhach shóisialta agus go háirithe ar an gcineál seo phróisis faoi stiúir an phobail san earnáil ealaíne
- Scileanna agus taithí comhoibrithe den scoth
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth
- Tuiscint atá forbartha go maith ar chomhthéacsanna tuaithe agus ar phobail tuaithe

I bhfianaise an chomhthéacs ar leith i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh, tabharfaimid tús áite d'iarratasóirí:

- Gur féidir leo an obair a dhéanamh trí Gaeilge
- Atá sásta iad féin a lonnú sa cheantar ar a laghad cuid de thréimhse an togra

Cur síos ar obair an Ealaíontóra

Iníúchadh a dhéanamh agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis an bpobal ealaíne áitiúla, an pobal níos leithne, chomh maith leis na comhpháirtithe tionscadail, chun tuiscint fhrithpháirteach ar chleachtas ealaíon atá spreagtha go sóisialta a leathnú agus a mhéadú. Samplaí de chleachtas ealaíon shóisialta 'gan lipéad' sa cheantar a lorg. Samplaí den dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha agus spreagúil a lorg agus a roinnt. Oibriú go dlúth le comhpháirtithe an tionscadail, ag tacú leo le moltaí chun a n-acmhainní aonair agus comhchoiteanna a chur i bhfeidhm ar bhealach níos iomláine agus níos éifeachtaí ar mhaithe leis an bpobal.

Príomhcheisteanna taighde

- Conas cur chuige cruthaitheach cuimsitheach a fhorbairt a chuireann fáilte roimh chruthaitheacht gach duine laistigh de thiomantas don Ghaeilge agus dá háit i bhféiniúlacht an phobail agus an cheantair?
- Cad atá anseo chun tacú leis an gcruthaitheacht agus chun í a spreagadh agus cad eile atá ag teastáil?

- Conas is fearr comhtháthú sóisialta a chothú sa cheantar trí na healaíona, le dearcadh ar leith ag baill nua pobail ag bogadh isteach?
- Conas agus cén áit a insímid agus cá n-éistimid le scéalta a chéile agus conas a dhéanaimid scéalta nua le chéile?

Agus aghaidh á tabhairt ar na ceisteanna thuas, tá sé rithábhachtach an méid seo a leanas a thógáil san áireamh:

- Ag obair i gcomhar leis an taighdeoir, fásfar tuiscint ar chleachtas gníomhach ealaíon i measc na gcomhpháirtithe agus an pobal.
- Samplaí idirnáisiúnta den dea-chleachtas á lorg, á mbreithniú agus á roinnt leis an bpobal agus leis na comhpháirtithe tionscadail.
- Ionchur na gcleachtóirí ealaíon atá gníomhach sa cheantar á lorg agus moltaí a bhaineann lena riachtanais forbartha a dhéanamh.
- Ionchur an phobail ar fad á lorg agus breathnú ar riachtanais an phobail ar fad.
- Go mbuailfear leis an bpobal i nGaeilge nó i mBéarla de réir mar a roghnaíonn siad.

Beidh dlúth bhaint ag an obair leis na nithe seo a leanas:

- Rannpháirtíocht leanúnach agus ghníomhach leis an bpobal mar chomhpháirtithe, lena n-áirítear saothar, próisis, torthaí agus samplaí idirnáisiúnta a roinnt de réir mar is cuí
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na comhpháirtithe tionscadail
- Cur chuige cruthaitheach a thástáil leis an bpobal de réir mar is féidir agus mar is cuí, tástáil a dhéanamh ar ‘cad é, cá huair, cathain agus cén chaoi’ maidir le rannpháirtíocht na n-ealaíon faoi threoir an phobail sa cheantar
- Tiomantas chun tacú le úsáid laethúil na Gaeilge sa phobal

Torthaí

Agus iad ag tabhairt faoin taighde seo, lorgaíonn na comhpháirtithe na torthaí seo a leanas:

- Moladh pobal-threoraithe do chlár agus rannpháirtíocht leanúnach agus inmharthanach ealaíona agus cruthaitheach i nGaeltacht Uíbh Ráthach
- Freagra shoiléir ar ábhair imní áitiúla maidir leis an *lacuna* i soláthar na n-ealaíon sa cheantar.
- Próiseas soiléir chun dearcadh comhroinnte a fhorbairt ar láidreachtaí cultúrtha Gaeltachta Uíbh Ráthach

- Soiléireacht ar na hacmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe atá ar fáil, agus na céad chéimeanna eile maidir le conas acmhainní ealaíon tearc-úsáidte a chur in úsáid ar bhealach níos fearr.
- Plean comhtháite do thacaíochtaí ealaíon sa cheantar, lena n-áirítear forbairt cleachtais ealaíon gníomhach shóisialta.
- Comhpháirtíocht ghníomhach de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill an phobail, le gealltanais shoiléire maidir le hinfheistiú i agus tacú le clár fadtéarmach forbartha ealaíon in Uíbh Ráthach.
- Cur chuige aontaithe, comhsheasmhach agus cruthaitheach chun dul i ngleic leis an nGaeilge sa chlár seo.
- Líonra tacaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta, inspioráid agus comhairle don tionscadal ag dul chun cinn.

Amscála

Meastar gur cheart an obair a dhéanamh thar thréimhse dhá mhí dhéag agus gur cheart tús a chur léi tráth nach déanaí ná Eanáir 2022 nó dáta eile faoi réir comhaontú conartha. Ní conradh lánaimseartha é seo agus is faoin iarratasóir atá sé sceideal cuí a mholadh, in éineacht leis an dtaighdeoir ceaptha (e.g. obair pháirtaimseartha leanúnach, bloic de shaothar níos déine etc).

Buiséad

Is €15,000 an táille don obair seo, CBL san áireamh.

Acmhainní agus Tacaíocht Bhreise ar fáil

Tuairisceoidh an ealaíontóir d'ionadaí ainmnithe de chuid an ghrúpa comhpháirtíochta agus beidh caidreamh tuairiscithe rialta aige/aici leis an ngrúpa.

Éascóidh comhpháirtithe an tionscadail na teagmhálacha tosaigh laistigh den phobal agus cuirfidh siad teagmhálacha agus tacaíocht eile ar fáil de réir mar is féidir agus is gá.

Déanfaidh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh bainistíocht airgeadais ar an dtogra.

Beidh oifig agus spás cruinnithe don taighdeoir ar fáil in Eaglais Naomh Micheál, An Coireán.

Cuirfear spás breise deisce ar fáil in GTeic Bhaile an Sceilg, le seirbhís iomlán le rochtain idirlín ardluais.

Rochtain ar ghléas príondála, córas fuaime, córas soilsiúcháin, teilgeoir pictiúrlainne, scáileán agus scáileán lasmuigh trí Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh/Éigse na Brídeoige.

Cuirfidh comhpháirtithe an tionscadail a gcainéil chumarsáide ar fáil chun obair an ealaíontóra a chur chun cinn sa phobal.

Moltar d'iarratasóirí an méid seo a leanas:

- Beidh íocaíochtaí faoi réir PSWT mar is cuí.
- Déanfar íocaíocht ar bhonn shonraisc, agus beidh an sceideal seo a leanas á chur i bhfeidhm: trian ar thosach feidhme, trian ag céim na dréacht-tuarascála agus trian ar chríochnú.
- Slánaíocht ghairmiúil agus árachas dliteanais phoiblí ag teastáil.
- Beidh gá le dréacht-tuarascáil ina mbeidh moltaí. Ba cheart go dtabharfadh an tuarascáil cuntas ar an méid taighde/comhairliúcháin atá déanta. Ba cheart go leagfaí amach sa tuarascáil freisin aon saincheistean a bheidh le réiteach chun an tionscadal a chur chun cinn mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus aon mholtaí ina leith sin.

Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór duit na doiciméid seo a leanas a chur isteach trí ríomhphost, le 'Ealaíontóir – Iarratas' mar teidil chuig creativeplacesur@gmail.com roimh an 6ú Lúnasa 2021.

- **CV atá suas go dáta**
- **Sonraí & samplaí de thaithí agus tograí ábhartha go dtí seo**
- **Moladh i dtaobh an togra, nach bhfuil níos mó ná cúig leathanach A4 clóscríofa, a dhéanann cur síos ar chur chuige i leith treoirphlean, lena n-áirítear ceisteanna buiséadacha**
- **Briseadh síos ar tháille an ealaíontóra**
- **Amlínte molta maidir le seachadadh an togra**

Critéir Roghnúcháin

Roghnófar tairiscintí le dul ar aghaidh lena mbreithniú bunaithe ar 'pas' thar gach catagóir atá liostaithe thíos. Cuireann 'teip' in aon chatagóir amháin deireadh leis an tairiscint ag dul ar aghaidh do chritéir dhámhachtana a scóráil. Déanfar aighneachtaí ag an gcéad chéim seo a mheas faoin méid seo a leanas:

Critéir Roghnúcháin	Pas / Teip
Taithí ar thionscadail/taighde den chineál céanna	
Tuiscint ar sonraí na hoibre, mar a leagtar amach thuas	
Cumas plé le gnéithe Ghaeilge an togra mar a shonraítear thuas	
Sonraí teagmhála (ríomhphost agus guthán) beirt mholtóir	

Mar dara chéim, beidh na Critéir Dhámhachtana bunaithe ar scór iomlán (1000) a chionroinnfear mar seo a leanas:

Critéir Dhámhachtana	Leithdháileadh Marcáil Iomlán 1000
Freagra ar sonraí na hoibre, mar a leagtar amach thuas & ábharthacht na haighneachta, tuiscint ar an gcomhthéacs ealaíona áitiúil san áireamh	500
Scileanna cumarsáide, idirphearsanra & comhoibrithe	200
Buiséad	150
Fráma Ama & Téarmaí Sheachadadh	150

Agallamh

Forchoimeádtar an ceart agallamh a chuir ar an t-iarrthóir/na hiarrthóirí le na scóir is airde.

Modhanna malartacha

Leis an nglao seo ar thairiscintí, féachtar le ealaíontóir a bhfuil taithí acu a fhostú agus is próiseas é a chomhlíonann na ceanglais soláthair phoiblí iomchuí. I gcás nach measfar aon iarrthóir a bheith oiriúnach, forchoimeádtar na príomhaithe an ceart modhanna malartacha soláthair a úsáid, m.sh. cuireadh díreach.

Ceisteanna

Aon cheisteanna breise, nó má tá fonn ort labhairt le duine faoin ról, cuir ríomhphost chuig creativeplacesur@gmail.com agus 'Ealaíontóir – Fiosrúchán' mar líne ábhair.